# Líon na Bearnaí

## Sraith 20: Ag Campáil Cois Farraige

**Pictiúr 1.**

An dara lá is fiche de Mheitheamh a bhí ann agus bhí __________ na hArdteistiméarachta críochnaithe ag na deartháireacha Seán agus Séamas. Cúpla ab ea iad. Dhéanadh siad gach aon rud le chéile. An uair seo d'inis siad dá dtuismitheoirí go raibh ____________ acu dul ag campáil cois trá i Loch Garman ar feadh deireadh seachtaine. Bhí áthas ar na tuismitheoirí iad a bheith ag ____________ amach. Dúirt siad gur smaoineamh maith a bhí ann.

**Pictiúr 2.**

Bhí an t-ionad campála suite i bhfoisceacht ____________ den trá. Bhí báid seol le feiceáil ag gluaiseacht thar bráid ar an bhfarraige. Lá breá samhraidh ab ea é. Bhí an ghrian ag taitneamh agus ní raibh scamall sa spéir. Chuaigh Seán agus Séamas i mbun oibre le _____________, stácaí, agus téadáin. D'éirigh leo an ___________ a thógáil gan stró. Puball deas uiscedhíonach ab ea é a raibh áit chodlata do bheirt ann. Bhí na buachaillí an-sásta leis. Cheap siad go mbeadh siad an-chompordach sa phuball seo ar feadh an deireadh seachtaine.

**Pictiúr 3.**

Bhí go maith is ní raibh go holc. Chuaigh na buachaillí ag snámh agus ina dhiaidh sin leath siad na tuáillí ar an ngaineamh agus __________ siad síos ag sú na gréine. Thug Seán leabhar leis agus thosaigh sé á léamh. Bhí bruithean ann agus an ghrian fós ag scalladh anuas orthu.
Go tobann tháinig scamall ____________ sa spéir agus ba ghearr gur thosaigh sé ag stealladh báistí. B’éigin don bheirt rith ar nós na _____________ chun dul ar ais go dtí an puball.

# Líon na Bearnaí

**Pictiuir 4.**

Ach, mo léan, nuair a shroich siad an puball fuair siad amach nár ____________ siad ró-mhaith é nuair a bhí siad á thógáil. Bhí gála gaoithe ag séideadh agus _______________ an puball orthu. Bhí sé leagtha go huile is go hiomlán. Bhí na leapacha fliuch maosta. Bhí siad féin ___________ go craiceann chomh maith. Ní raibh a fhios acu cad a dhéanfaidís agus an díle bháistí anuas orthu.

**Pictiuir 5.**

D'árdaigh Séamas an fón agus ________________ sé an scéal dá n-athair. Dúirt sé go raibh rúdaí tar éis dul amú orthu agus go raibh siad fliuch go craiceann. Bhí an t-ádh orthu mar dúirt a n-athair leis go raibh _______________ deas in aice láimhe agus go raibh aithne aige féin ar an mbainisteoir. D'fhéadfaidís dul isteach ansin agus gheobhadh siad lóistín oíche ann agus ______________ deas blasta um thráthnóna.

**Pictiúr 6.**

Chuaigh siad isteach in "Óstán na Faille" agus chuir an Bainisteoir _______________ rompu. Thug sé seomra dóibh agus leag sé béile breá mór ós a gcomhair sa bhialann. Bhí siad thar a bheith sásta leo féin. Dúirt siad gurbh olc an ghaoth nach séideann maith do dhuine éigin. Fiú má leagadh an puball orthu bhí _______________ níos fearr acu as. D'éirigh leo oíche a chaitheamh in óstán agus béile mór a fháil ______________ in aisce.